# Cruinniú Bord Bainistíochta Coláiste Ailigh

**Miontuairiscí**

| | |
|---|---|
| **Dáta:** | 21 Eanáir 2026 |
| **Leithscéalta:** | Pádraig Mac An Bhiocaire<br>Éimear Nic Íomhair<br>Blaine Ó Maolagáin |
| **Freastal ar chruinniú:** | Bernadette Ní Dhuibhir, Cathaoirleach<br>Seán Mac Aodha<br>Helen Uí Cheallaigh<br>Caitlín Uí Chochláin<br>Raghnall Ó Cuinn |
| **Rúnaí:** | Seán Mac Suibhne |
| **Rúnaí Taifeadta:** | Mairéad Uí Dhochartaigh |

| | |
|---|---|
| 1 | **Fáilte**<br>Chuir an Cathaoirleach fáilte roimh na baill den bhord chuig an chéad chruinniú sa bhliain 2026, agus ghuigh sí gach rath ar na baill den Bhord. |
| 2 | **Miontuairiscí cruinniú 11/11/2025**<br>Glacadh leis na miontuairiscí ón chruinniú ar an 11 Samhain 2025 ar mholadh Helen Uí Cheallaigh,  cuidithe leis ag Caitlín Uí Chocháin. |
| 4 | **Comhfhreagras**<br>Eisíodh nasc don uasdátú coicísiúil ón Roinn Oideachais & Óige do na baill den Bhord roimh an chruinniú. |
| 5<br><br>5.2 | **Tuarascáil an Phríomhoide**<br>Eisíodh cóip le naisc bheo chuig míreanna ar leith ar an tuairisc roimh an chruinniú, agus pléadh na míreanna éagsúla ann, ina measc:<br>**An eagraíocht a bhainistiú**<br>**Nuashonrú ar Imeachtaí Scoile**<br><br>● 5.1. 12/11/2025: Cruinnithe Tuismitheoirí 3ú/6ú<br>● 5.2. 13/11/2025: Aonach Gairmeacha<br>● 5.3. 17/11/2025: Seachtain na Mata<br>● 5.4. 18/11/2025: Comórtas Scléip Uladh<br>● 5.5. 20/11/2025: Cruinnithe Tuismitheoirí 2ú/5ú bliain<br>● 5.6. 25/11/2025: Tráth na gCeist Feachtas - Halla na Scoile<br>● 5.7. 02/12/2025: Turas na 6ú bl go Béal Feirste<br>● 5.8. 02/12/2025: Scrúduithe Nollag<br>● 5.9. 08/12/2025: Oide - Oiliúint um Chosaint Leanaí 2025/2026<br>● 5.10. 11/12/2025: Margadh na Nollag<br>● 5.11. 05/01/2026 & 06/01/2026: Coláiste Ailigh druidte mar gheall ar drochaimsir<br>● 5.12. 07/01/2026 - 10/01/2026: Stripe Eolaí Óg<br>● 5.13. 12/01/2026: Cluiche Ceannais Uladh Gasúir f-19 Sacar<br>● 5.14. 15/01/2026: 6ú bliain - Turas Tíreolaíochta<br>● 5.15. 15/01/2026: Cruinnithe Tuismitheoirí 1ú bl/Idirbhliain<br><br>*Imeachtaí móra ag teacht aníos* |

| | |
|---|---|
| | ● 5.16. 20/01/2026: Cluiche Ceannais Uladh Peil na nGasúr f16<br>● 5.17. 20/01/2026: Idirbhliain - Ceardlann Dlí<br>● 5.18. 26/01/2026: Idirbhliain - Ceardlann Barista<br>● 5.19. 03/02/2026: Blásranganna do dhaltaí na hIdirbhliana<br>● 5.20. 04/02/2026: Comórtas Scléip i mBaile Átha CLiath<br>● 5.21. 05/02/2026: Bréagscrúduithe<br>● 5.22. 09/02/2026: Taithí Oibre GCAT<br>● 5.23. 12/02/2026: Turas Phárais<br><br>Thréaslaigh an Bord na baill den fhoireann a thugann a gcuid ama go deonach ar mhaithe le himeachtaí seach-churaclaim a chur ar fáil do na daltaí. Dúirt an Príomhoide go ndéantar iarracht cothromaíocht bheith ann idir éagsúlacht imeachtaí a éascú agus béim a choinneáil ar theagasc agus ar fhoghlaim chomh maith. |
| 6 | **Tuarascáil um Chosaint Leanaí**<br>Roinn an Príomhoide cóip de Thuarascáil Mhaoirseachta um Chosaint Leanaí. |
| 11a<br>11a.1<br><br><br>11a.2<br><br>11a.3 | **Teagasc agus Foghlaim**<br>**Torthaí an Fhoghlaimeora**<br>Bhí cruinniú foirne ar an 20 Eanáir 2025, ceann de trí chruinniú foirne ar an fhéilire i rith na scoilbhliana.<br>**Eolaí Óg**: bhí trí thionscadal ar taispeáint againn i mbliana ag an Eolaí Óg, agus thug grúpaí dalta ón dara bliain cuairt ar an Taispeántas ar an Aoine.<br>Ócáid thar a bheith rathúil a bhí ann san Aonach Gairme, agus thréaslaigh an Bord Máistreás Uí Cheallaigh agus Cumann na dTuismitheoirí arís as ucht an t-imeacht seo a reáchtáil. |
| 11b | **Pleanáil le haghaidh Fobairt Scoile**<br>**Plean Feabhsúcháin Scoile:** Tá tosaíochtaí i bplean na scoilbhliana reatha á mbaint amach ag an fhoireann, agus cuirfear tús le próiseas na spriocanna don scoilbhliain seo chugainn a aimsiú roimh dheireadh na scoilbhliana seo. |
| 15 | **Tuarascáil na bhFhochoistí Scoile**<br>**a. Tuarascáil Chumann na dTuismitheoirí**<br>Eisíodh tuarascáil ó Chumann na dTuismitheoirí do na baill den Bhord ar na himeachtaí atá an Cumann ag tabhairt faoi san am i láthair.<br>**b. Tuarascáil Chomhairle na nDaltaí**<br>Thug foireann ceannaireachta sinsearach na ndaltaí cur i láthair do na baill den Bhord faoi obair Chomhairle na nDaltaí. Thréaslaigh na baill den Bhord obair an Chomhairle, agus na daltaí a bhí i láthair ag an chruinniú as a gcuid ama a thabhairt chun labhairt leis an Bhord. |
| 16 | **Míreanna sa Chlár Oibre Breise**<br>**Éiteas.** Thug triúr dalta ón chéad bhliain cur síos do na baill den Bhord ar a gcuid oibre mar ambasadóirí éitis i gColáiste Ailigh. Luaigh siad an traenáil a bhí déanta acu, na cúig phríomhluachanna atá á gcur chun cinn sa scoil - mar shampla, póstaer ar barr achan seomra ranga agus go feiceáileach ar fud na scoile. Ina theannta sin, eagraíodh comórtais sa scoil ar téama an éitis, agus ghlac na daltaí páirt i gcomórtas díospóireachta ETB Dhún na nGall. Thréaslaigh na baill den Bhord na daltaí as ucht a gcur i láthair, agus múinteoir a stiúrann cúrsaí éitis sa scoil, Máistreás Nic Giolla Cheara. Tabharfaidh Eamon Ryan, stiúrthóir Éitis ETB Dhún na nGall, cuairt ar Choláiste Ailigh chun labhairt le coiste éitis na scoile ar an tseachtain dár gcionn. |
| 20 | **Dáta agus am an chéad chruinniú eile**<br>4 Márta 2026 ag 3.30 i.n.<br>20 Bealtaine 2026 ag 3.30 i.n. |